Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Márta 2023**
**(OR. en)**

**6493/23**

**SOC 113**
**EMPL 72**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Forais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú |

1. Tá deireadh a theacht le téarma oifige na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú an 31 Márta 2023[1]

2. De bhun Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2019/127[2], 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha. Beidh an téarma sin in-athnuaite. Nuair a thiocfaidh deireadh lena dtréimhse oifige nó i gcás ina n-éireoidh siad as oifig, fanfaidh comhaltaí agus comhaltaí malartacha in oifig go dtí go ndéanfar a gceapachán a athnuachan nó go gcuirfear comhaltaí nua ina n-ionad.

[1] Cinneadh ón gComhairle an 9 Aibreán 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) (IO C 135, 11.4.2019, lch. 1.)

[2] Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle (IO L 30, 31.1.2019, lch. 74)

3. De bhun Airteagal 4(1) agus Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2019/127, is í an Chomhairle a cheapann na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha den Bhord Bainistíochta a dhéanann ionadaíocht ar rialtais, ar eagraíochtaí fostaithe agus ar eagraíochtaí fostóirí na mBallstát ar feadh tréimhse 4 bliana.

4. Leagtar amach sa dréachtchinneadh ón gComhairle in 6492/23 liostaí ainmniúchán na lánchomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta athnuaite an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, a bhí faighte ag Rúnaíocht na Comhairle faoin 15 Feabhra[3].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an dréachtchinneadh ón gComhairle in 6492/23 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, a ghlacadh mar mhír ‘A’, agus

(b) a chinneadh go bhfoilseofar an Cinneadh mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] Bailchríoch curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.